



Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

LEABHRÁN EOLAIS DON IARRTHÓIR

BAINISTEOIR SONRAÍ

(PAINÉAL CONARTHAÍ BUAN, TÉARMA SEASTA AGUS SAINCHUSPÓRA)

Cúlra

Bunaíodh an [Foras Taighde ar Oideachas](#) (FTO) mar Chomhlacht Reachtúil i gcomhréir leis an Acht Oideachais (1998) i mí Mheán Fómhair 2015, ach bhí sé ann ó mhí Eanáir 1966. Tá déchúram aige trialacha agus tacaíochtaí a sholáthar do na tástálacha seo do scoileanna mar aon le taighde oideachasúil agus staidéir mheastóireachta a dhéanamh.

Áirítear le clár oibre an FTO:

- Bainistíocht, seachadadh agus tuairisciú ar mheasúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhórsála (m.sh. [PISA](#), [PIRLS](#), [TIMSS](#), [NAMER](#))
- Trialacha do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a fhorbairt agus a chaighdeánú
- Taighde a thionscnaítear go neamhspleách.

Tá tuilleadh eolais ar chlár oibre an FTO ar fáil [here](#).

Tá oifigí an FTO lonnaithe i nDroim Conrach, Baile Átha Cliath 9. Tá 70 taighdeoir, anailísí agus foireann tacaíochta fostaithe ag an FTO faoi láthair, feidhmíonn siad i bhfoirne beaga comhoibríocha chun sainordú an FTO a sheachadadh. Bíonn teagmháil ag an FTO le comhlachtaí poiblí éagsúla ina dtionscadail taighde, agus glactar páirt i raon coistí comhairleacha agus stiúrtha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Is fostóir comhdheiseanna é an FTO a chuireann timpeallacht oibre solúbtha, dhinimiciúil agus dhúshlánach ar fáil.

Tá an FTO tiomanta d'fhoireann den chaighdeán is airde a mhealladh, a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun fórsa oibre éagsúlaithe, tacúil, nuálach agus cuimsitheach a fhorbairt. Cuireann an FTO timpeallacht oibre solúbtha, dhinimiciúil

agus dhúshlánach ar fáil, tacaítear le comhionannas deiseanna, éagsúlacht agus cuimsiú agus spreagtar ó ghrúpaí tearcionadaíochta chun iarratais a dhéanamh.

Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil freastal réasúnta de dhíth orthu leis an bpróiseas iarratais nó agallaimh teagmháil a dhéanamh leis an FTO ar aon cheann de na bealaí seo a leanas (agus aird á tabhairt ar spriocdháta an iarratais):

- ✓ Ríomhphost hr@erc.ie (luaigh an post ar a bhfuil tú ag déanamh iarratais).
- ✓ Glaoigh ar 01 837 37 89 agus iarr labhairt le Niamh Goucher.
- ✓ Scríobh chuig: An Roinn AD, FTO, OCBÁC Campas Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, D09 AN2F.

D'fhéadfaí iarradh ar iarrthóirí ar mian leo leas a bhaint as socruithe réasúnta gairmí sláinte a chur isteach chun cuidiú le socruithe oiriúnacha a chinneadh.

Sonraíocht Poist

Tá painéal Bainisteoirí Sonraí á chruthú ag an FTO do fholúntais amach anseo ar fud na heagraíochta. Clúdóidh na painéil poist bhuana, poist théarma sheasta agus poist chun críche sonraithe. Tá gach post faoi réir tréimhse promhaidh a chríochnú.

Mar aon le gairm thaitneamhach dhúshlánach do thaighdeoir le Gaeilge, áirítear ar chuid de bhuntáistí an FTO:

- Tuarastal iomaíoch, (Bronnfar méaduithe pá go bliantúil faoi réir feidhmíocht shásúil)
- Pinsean na hEarnála Poiblí
- 25 lá saoire bhliantúil in aghaidh na bliana
- Socruithe oibre hibride agus solúbtha, le tiomantas do chothromaíocht oibre-saoil agus ionad oibre a thacaíonn le teaghlaigh
- Deiseanna forbartha agus oiliúna breise
- Rochtain ar scéim choigilte cánach taistil agus scéim rothaíochta chun na hoibre .

Is ról spreagúil agus dúshlánach é post an Bhainisteora Sonraí do dhuine a bhfuil cúlra láidir acadúil aige/aici agus suim aige/aici i staidéar agus anailís ar chóras oideachais na hÉireann.

Oibreoidh Bainisteoirí Sonraí go dlúth le Comhaltaí Taighde agus Comhlaigh Taighde (taighdeoirí sinsearacha) ar raon ábhar taighde agus oibríochta a bhaineann le measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhórsála, le meastóireacht, agus le staidéir forbartha tástála. Sannfar na hiarrthóirí rathúla ar thionscadal amháin nó níos mó i gclár oibre an FTO.

Príomhghnéithe an róil:

Ag obair i gcomhpháirt le foireann an tionscadail, beidh an Bainisteoir Sonraí páirteach de ghnáth sna tascanna seo a leanas :

- Obair i gcomhar le taighdeoirí chun pleananna bainistíochta sonraí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm do thionscadail taighde lena n-áirítear bailiú sonraí, glanadh, fíorú agus bailíochtú mar aon le nósanna imeachta a ullmhú le haghaidh sonraí a iontráil agus sonraí a chur chuig gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Bogearraí staidrimh agus uirlisí anailíse a úsáid chun sonraí a bhaint amach, a ghlanadh, a anailísiú agus a fhíorú chun tacú le tionscadail taighde.
- Ceannaireacht, tacaíocht theicniúil, agus comhordú tionscadail a sholáthar do thionscadail taighde a bhfuil comhpháirt shuntasach bainistíochta sonraí ag baint leo.
- Oibriú le taighdeoirí ar fud an FTO chun tacaíocht modheolaíochta, taighde agus anailísíochta sonraí a sholáthar.
- Aschuir staitistiúla agus freagraí ar iarratais ar shonraí ó pháirtithe leasmhara a sholáthar.
- Nósanna imeachta cáilíochta sonraí a thionscnamh, a mhaoirsiú agus a dhoiciméadú, lena n-áirítear iniúchtaí sonraí agus athbhreithnithe ar cháilíocht sonraí.
- Cur le nósanna imeachta samplála ar fud na dtionscadal taighde.
- Cabhrú le nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin do bhainistiú sonraí san FTO a fhorbairt, a dhoiciméadú agus a chothabháil A.
- Oibriú go neamhspleách chun seachadadh leanúnach tionscadal taighde a bhainistiú.
- Cur le foilsiú sonraí an FTO.
- Freastal agus cur le cruinnithe tionscadail agus cur leo.

- Teagmháil éifeachtach a dhéanamh leis an bhfoireann riaracháin agus leis an mbainistíocht shinsearach de réir mar is gá, mar aon le páirtithe leasmhara seachtracha.
- A chinntiú go ndéantar bainistíocht sonraí ar thionscadail de réir na reachtaíochta ábhartha um chosaint sonraí.
- Tacaíocht a sholáthar do thionscadail eile de chuid an Fhorais de réir mar is gá.
- Aon dualgais eile a chomhlíonadh a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham.

Éilíonn an ról seo aird mhór ar mhionsonraí, tiomáint agus tiomantas, an cumas freagairt do thosaíochtaí iomaíocha, stíl chomhoibritheach, agus cur chuige oscailte agus solúbtha maidir le réiteach fadhbanna. D'fhéadfadh taisteal náisiúnta (réigiúnach) agus/nó idirnáisiúnta a bheith i gceist ó am go ham don phost.

Spreagfar an t-iarrthóir rathúil chun páirt a ghlacadh in oiliúint agus in uas-sciliú chun leibhéil eolais agus saineolais a chothabháil agus a fheabhsú.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara gur treoir ghinearálta é an méid thuas ar ról an Chomhlaigh Taighde agus nach cur síos uileghabhálach é ar na dualgais a bhaineann leis an ról nó leis na tascanna a d'fhéadfaí a shannadh don ról san FTO. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfaí dualgais bhreise a shannadh.

Bronntar post an Bhainisteora Sonraí ag grád Comhlach Taighde.

Inniúlachtaí:

Nuair a bhíonn na dualgais thuas á gcomhlíonadh, beifear ag súil go bhfeidhmeoidh an t-iarrthóir ar ardchaighdeán ar gach ceann de na réimsí seo a leanas:

- *Seachadadh Fianaise-Bhunaithe*
- *Ullmhacht don todhchaí a thógáil*
- *Ceannaireacht agus Cumhachtú*
- *Cumarsáid agus Cumhachtú*

Riachtanais an Duine :

Ní mór don iarrthóir rathúil, ag an am a chuirtear an t-iarratais isteach, fianaise a léiriú ar:

Riachtanais Riachtanacha do Bhainisteoirí Sonraí
Céim iarchéime go leibhéal Máistreachta nó PhD in eolaíocht sonraí, staitisticí, eacnamaíocht, nó disciplín gaolmhar (m.sh. córais faisnéise gnó).
Taithí 3 bliana ar a laghad ar thacair sonraí mhóra a bhainistiú agus a anailísiú, chun tacú le polasaí i réimse an oideachais nó in earnáil eile.
Scileanna láidre TF (go háirithe: eolas maith oibre ar MS Office), sáreolas agus taithí ar úsáid Microsoft Excel agus Access chomh maith le taithí ag obair le scarbhileoga casta agus bogearraí staidrimh (m.sh., SPSS). Cumas foghlaim conas bogearraí núíosacha/saincheaptha a úsáid go tapa.
Sárscileanna pleanála, eagraíochtúla, cumarsáide ó bhéal agus scríofa, lena n-áirítear cumas cumarsáid éifeachtach agus taidhleoireachta a dhéanamh le raon páirtithe leasmhara.
Cumas oibriú as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann.
Cur chuige fócasaithe, solúbtha agus comhoibríoch maidir le spriocdhátaí tionscadail a bhaint amach agus cumas freagairt do thosaíochtaí iomaíocha.
Fianaise ar éifeachtacht phearsanta láidir, solúbthacht agus réiteach fadhbanna.
Aird mhór ar mhionsonraí.
Riachtanais Riachtanacha do Bhainisteoirí Sonraí
Eolas ardleibhéil ar shamhaltú nó anailís stórála sonraí ag baint úsáide as Microsoft Power BI agus PowerApps
Líofacht nó inniúlacht sa Ghaeilge.
Taithí ar thionscadail mhórsála a riar, san oideachas de rogha.
Cumas/taithí léirithe i dtuairisciú scríofa ar thacair sonraí measúnaithe nó suirbhéanna ar mhórsála.
Taithí ar anailís iolrach ar mheasúnuithe ar shuirbhéanna náisiúnta ar mhórsála.
Tuiscint mhaith ar phríomhchoincheapa agus ar phrionsabail maidir le suirbhéanna a shampláil agus a ualú.
Cumas/taithí léirithe maidir le foirne staidéir taighde a bhainistiú.

I ndiaidh na hearcaíochta, cruthófar painéil d'iarrthóirí rathúla. Féadfar iarratasóirí a chur ar phainéal amháin nó níos mó, ag brath ar an bpainéal/na painéil a ndéanann siad iarratas nó a gcáilíonn siad dóibh. Braithfidh an cinneadh maidir le cén painéal a úsáidfear ag am an cheapacháin ar riachtanas an tionscadail ábhartha dá sanntar an post. Déanfar ceapacháin ar bhonn buan, téarma seasta nó cuspóra shonraithe ag brath ar an bhfolúntas. Fanfaidh na painéil i bhfeidhm ar feadh 12 mhí ó dháta a gcruthaithé nó go dtí go dtéann siad in éag (cibé acu is túisce a tharlaíonn) agus féadfar iad a athnuachan uair amháin do thréimhse 6 mhí eile.

Riachtanais Saoránachta:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith faoi cheann amháin (nó níos mó) de na sé chritéar thíos ar an dáta a gcuirtear an t-iarratais isteach:

- Saoránach de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa. Cuimsíonn an LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- Saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe faoi chosaint an Chomhlimistéir Taistil
- Saoránach den Úcráin a bhfuil litir faighte aige ag dearbhú gur deonaíodh Cosaint Shealadach dó faoi Threoir an AE.
- Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó leanbh saoránach LEE nó Eilvéiseach a bhfuil stampa 4 aige/aici; nó
- Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air/uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ar aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil visa stampa 4 aige/aici; nó
- Saoránach neamh-LEE atá mar thuismitheoir nó leanbh cleithiúnach ag saoránach de bhallstát LEE nó an Eilvéis agus a bhfuil visa stampa 4 aige/aici.

Sochair agus coinníollacha

Scála Tuarastail:

Déanfar an ceapachán ar scála Comhlach Taighde an FTO (€59,200 - €86,495 - Scála Ranníocaíochta Pinsean Pearsanta (PPC) ag an 1 Meitheamh 2026, ag pointe atá de réir Pholasaí Pá reatha an Rialtais, **agus iontrálaithe nua ag tosú ag an gcéad phointe den scála**. D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist má tharlaíonn, díreach roimh an gceapachán, go mbíonn an t-iarratasóir rathúil ag feidhmiú mar státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí.

Pinsean:

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí, mar a bhí i réim san FTO ag am an cheapacháin, a oiráil don iarratasóir rathúil. Ar an iomlán, agus seachas iarratasóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí neamh-aonair) don 26 seachtain roimh cheapachán, ciallaíonn sé sin ballraíocht i Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Sa chás deireanach, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt eisceachtaí i gceist.

Saoire Bhliantúil:

Is í an saoire bhliantúil a bheidh i gceist don phost ná 25 lá. Tá an liúntas faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bliantúla sa státseirbhís, bunaithe ar sheachtain cúig lá agus gan gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

Láthair Oibre:

Beidh an ceapaí don ról seo lonnaithe i bpríomhoifig an FTO, i nDroim Conrach, Baile Átha Cliath. Feidhmíonn an FTO samhail oibre hibrídeach agus roinneann an fhoireann a gcuid ama oibre idir oifigí an FTO agus láthair iargúlta sonraithe. Braithfidh an rogha oibriú go cianda ar riachtanais an tionscadail ábhartha. Féadfar tuilleadh eolais a chur ar fáil ag pointe an cheapacháin.

Nuair a bhíonn an ceapaí as láthair ón mbaile agus ón láthair oibre ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe cuí leis an gceapaí, de réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse/na hearnála poiblí.

Tionacht agus Promhadh:

I gcás cheapacháin chuig post buan, téarma seasta nó cuspóir sonraithe leis an FTO beidh tréimhse phromhaidh ag an gceapaí, a mhairfidh 6 mhí de ghnáth. Má

tharlaíonn ag am ar bith le linn na tréimhse seo nach mbíonn an ceapaí oiriúnach do cheapachán deiridh cuirfear críoch leis an bpromhadh.

Uaireanta Freastail:

Ní bheidh na huaireanta oibre níos lú ná 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an gceapaí pé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh go cuí faoi réir na dteorainneacha mar atá sna rialacháin ama oibre.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfear isteach go leictreonach. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta agus an am dúnta.

IS É AM DÚNTA AGUS SPRIOCDHÁTA d'IARRATAIS NÁ: 5.00 p.m. (am na hÉireann), 31 Lunasa 2026.

Ní mór iad seo a bheith mar chuid den iarratas:

- 1: Litir chlúdaigh ghairid (uasmhéid 500 focal) ag míniú an fáth go bhfuil tú ag cur isteach ar an bpost agus an chaoi ina bhfuil do cháilíochtaí agus do thaithí ag teacht le riachtanais an phoist.
- 2: CV cothrom le dáta nach mó ná **ceithre leathanach** ar fhad a chuimsíonn ainmneacha agus sonraí teagmhála (uimhir ghutháin agus ríomhphost) beirt mholtóirí.

Caithfear gach doiciméad a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. Ní ghlacfar ar chúiseanna slándála, le comhaid a sheoltar trí ríomhphost mar naisc chuig cáipéisí i bhfreastalaithe roinnte scamall-bhunaithe.

Ba chóir an t-iarratas comhlánaithe a chur chuig: vacancies@erc.ie, agus **“Painéal an Bhainisteora Sonraí”** a lua i gceannteideal an ábhair.

Féadfar iarrthóirí a chur ar phainéal amháin nó níos mó. Féadfar, áfach, iarrthóirí a rangú níos airde ar phainéal amháin ná ar an bpainéal eile agus ní ráthaíonn cuimsiú ar phainéal amháin cuimsiú ar phainéil eile a chruthaítear tríd an bpróiseas earcaíochta seo.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas chuig vacancies@erc.ie, laistigh de 24 uair an chloig ón uair a dhéantar an t-iarratas, déan teagmháil lenár bhfoireann AD ag hr@erc.ie. Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 arna leasú, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Cumarsáid:

Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig an seoladh ríomhphoist a sholáthraítear le d'iarratas. Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid á fháil acu ón FTO. Moltar d'iarratasóirí a ríomhphoist a sheiceáil go rialta le linn tréimhse an chomórtais. Ina theannta sin, is cóir d'iarratasóirí na fillteáin bruscair/turscair a sheiceáil ar eagla go ndéantar aon ríomhphoist a scagadh trí thimpiste. Ní bheidh aon fhreagracht ar an FTO maidir le cumarsáid nach n-éiríonn leis an iarratasóir a rochtain nó a fháil.

Próiseas Roghnúcháin:

D'fhéadfadh go ndéanfar iarratasóirí a ghearrliostú sa roghnú bunaithe ar an eolas san iarratas. Déanfaidh Bord Agallaimh saineolaithe na hiarratais a iniúchadh de réir na gcritéar réamhshocraithe bunaithe ar riachtanais an phoist. D'fhéadfadh go mbeadh ceann amháin nó níos mó díobh seo i gceist leis an modh roghnúcháin:

- Gearrliostú bunaithe ar litir chumhdaigh, agus CV
- Agalla(i)mh
- Cur i láthair nó aon trialacha nó cleachtaí eile a shíltear a bheith iomchuí
- Triail teanga/cumarsáide (ó bhéal agus/nó i scríbhinn).

I gcás ina bhfuil líofacht Ghaeilge ina riachtanas don phost nó i gcás ina ndeimhníonn iarratasóirí leibhéal líofachta sa Ghaeilge, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí ar an ngearrliosta measúnú ar leithligh (scríofa agus/nó ó bhéal) a dhéanamh i nGaeilge, mar aon le hagallamh.

Beidh cuireadh chuig agalla(i)mh ag na hiarratasóirí ar an ngearrliosta agus tarlóidh siad seo idir dhá agus cheithre sheachtain i ndiaidh an spriocdháta. Cuirfear tuilleadh eolais agus treoirlínte faoin bpróiseas roghnúcháin ar fáil d'iarratasóirí ar an ngearrliosta seachtain amháin ar a laghad roimh an agallamh chun ullmhúchán a éascú.

Eiseofar fógra faoi dháta agus am an agallaimh chuig na hiarratasóirí ar an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais. Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a bhíonn luaite ag an FTO agus is cóir a chinntiú go mbíonn na sonraí teagmhála a thugtar ar a n-iarratas ceart

Ní bheidh iarratasóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar aon ghné eile nuair a iarrann an FTO a leithéid agus san áit a iarrtar, nó nach soláthraíonn cibé eolas eile ar aon ábhar a éilíonn an FTO maidir lena n-iarrthóireacht i dteideal aon bhreithniú breise.

Coimeádann an FTO an ceart aige féin agallaimh a dhéanamh ar líne go cianda nó duine le duine de réir mar is gá, agus a éileamh ar iarratasóirí freastal ar an dara hagallamh agus / nó measúnuithe nó trialacha breise a dhéanamh de réir mar a shíltear iomchuí agus riachtanach i ndiaidh an chéad agallaimh.

Déanfar an post a ofráil don iarratasóir a roghnaítear faoi réir tagairtí sásúla ó mholtóirí. **Ní rachfar** i dteagmháil le moltóirí gan cead a bheith faighte roimh ré ón iarratasóir.

Painéal:

Ag eascairt as an gcomórtas seo, féadfaidh an FTO painéal a chruthú óna bhféadfar folúntais den chineál céanna a líonadh sa todhchaí. Má chruthaítear painéal, coimeádann an FTO an ceart nach ndéanfar ach líon áirithe a chur ar an bpainéal sin. Ní deimhniú ar cheapachán poist é má bhítear cáilithe agus curtha ar an bpainéal.

Ní bheidh aon éileamh ar phost ag iarrthóirí nach gceapfar tráth dhul in éag an phainéil (12 mhí tar éis a bhunaithe sa chás seo agus féidearthacht go síneofar an painéal ar feadh sé mhí eile) de bharr a bheith ar an bpainéal..

Nuair a dhiúltaítear do thairiscint ar cheapachán do chuspóir sonrach nó do théarma seasta, féadfaidh an t-iarratasóir fanacht ar an bpainéal go dtí go rachaidh an painéal in éag (is é sin, ní thairgfear aon phost chun críche sonraithe ná téarma seasta don iarratasóir).

A luaithe a ghlactar le tairiscint ceapacháin do théarma sonraithe nó socraithe, féadfaidh an t-iarratasóir fanacht ar an bpainéal go dtí go rachaidh an painéal in éag le haghaidh aon cheapacháin eile do théarma sonraithe nó socraithe a bheidh ar fáil.

A luaithe a ghlacfaidh nó a dhiúltóidh iarratasóir le tairiscint cheapacháin chuig post buan, ní fhanfaidh an t-iarratasóir ar an bpainéal a thuilleadh agus féadfaidh an FTO duine eile a roghnú lena cheapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin. Cuirfear faisnéis níos mionsonraithe ar fáil d'iarratasóirí rathúla.

Eolas Tábhachtach Eile:

Ní bheidh an FTO freagrach as aon chostais a bhíonn ar iarratasóirí. Ní hionann duine a ligean isteach i gcomórtas, nó cuireadh chun agallaimh a thabhairt do dhuine, nó toradh rathúil a fhógairt, agus a thabhairt le fios go bhfuil an FTO sásta go sásaíonn a leithéid de dhuine riachtanais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí don phost agus níl ráthaíocht ann go leanfar le d'iarratas a chur san áireamh.

Tá sé tábhachtach d'iarratasóirí, dá réir sin, a bheith san airdeall go sásaíonn siad riachtanais incháilitheachta an chomórtais sula bhfreastalaíonn siad ar agallaimh. Mura gcomhlíontar bunriachtanais iontrála, ach go bhfreastalaíonn iarratasóirí mar sin féin ar agallamh, d'fhéadfaí costas neamhriachtanach a bheith curtha amú aige nó aici.

Sula ndéantar iarratasóir a mholadh don cheapachán sa phost seo, fiosróidh an FTO gach ní a shíltear a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a dheimhniú. Go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán, ní bheidh sé indéanta cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní bheifear ábalta a mheas ná a thuiscint go ndearnadh cinneadh dá leithéid. Má dhiúltaíonn an duine a mholtar don phost, nó tar éis glacadh leis go scoiltear leis, agus má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Bord Agallaimh, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le cuairteanna ar scoileanna mar chuid de phoist taighde agus beidh ar iarrthóirí rathúla dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun na ról sin a chomhlíonadh. Tá aon tairiscint d'iarrthóir rathúil faoi réir Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána iomlán agus glan a ghnóthú agus forchoimeádann an FTO an ceart aon tairiscint fostaíochta a tharraingt siar nó aon chonradh fostaíochta a fhoirceannadh mura ngnóthaíonn iarrthóir rathúil Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána iomlán agus glan. Ba chóir d'iarrthóirí rathúla a bheith san airdeall, mar a fhorálfar sa chonradh fostaíochta, go bhféadfadh an FTO an conradh fostaíochta don ról sin a fhoirceannadh mura soláthróidh an duine sin Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána iomlán agus glan ag am ar bith le linn an cheapacháin.

Léirítear thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarratasóir rathúil.

Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003; GDPR 2018

Nuair a fhaightear foirm iarratais iarrthóra, cruthóidh an FTO taifead in ainm an iarrthóra, ina mbeidh cuid mhaith den eolas phearsanta a sholáthraítear. Is do phróiseáil an iarratais amháin a úsáidfear an taifead pearsanta seo agus má éiríonn leis an iarratasóir coimeádfar eolas áirithe don tréimhse amach anseo. Tá a leithéid d'eolas faoi réir chearta agus oibleagáidí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018.

Chun éileamh a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 / RGCS 2018, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí ag Data.Protection@erc.ie. Bí cinnte go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid atá á lorg agat ionas gur féidir na taifid ábhartha a aithint.